Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2015**
**(OR. en)**

**14443/15**

**CULT 85**
**RELEX 957**
**DEVGEN 235**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Samhain 2015 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13645/1/15 REV 1 CULT 76 RELEX 871 DEVGEN 215 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcultúr i gcaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh agus béim ar an gcultúr sa chomhar don fhorbairt - Conclúidí ón gComhairle (an 24 Samhain 2015) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcultúr i gcaidreamh seachtrach an Aontais agus béim ar an gcultúr sa chomhar don fhorbairt, a ghlac an Chomhairle ag an 3428ú cruinniú a bhí aici an 24 Samhain 2015.

---

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcultúr i gcaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh agus béim ar an gcultúr sa chomhar don fhorbairt**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH MAR A LEANAS:

1. AG MEABHRÚ DI go n-iarrtar le hAirteagal 167(3) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ar an Aontas agus ar a chuid Ballstát comhar a chothú le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí inniúla idirnáisiúnta i réimse an chultúir, agus go n-iarrtar ar an Aontas gnéithe cultúrtha a chur san áireamh agus é ag gníomhú faoi fhorálacha eile na gConarthaí, go háirithe d'fhonn éagsúlacht a chuid cultúr a urramú agus a chur chun cinn;

2. AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur ceann de thosaíochtaí an Chláir Oibre Eorpach don Chultúr[1] agus na bpleananna oibre a bheidh ag an gComhairle don chultúr ina dhiaidh seo[2] is ea an cultúr i gcaidreamh seachtrach an Aontais, lena n-áirítear sa chomhar don fhorbairt; agus go bhfuil comhar trasearnálach tábhachtach chun comhleanúnachas a mhéadú idir beartais éagsúla rud a leagadh béim air i roinnt Conclúidí ón gComhairle a glacadh le déanaí[3];

3. AG CUR SAN ÁIREAMH DI go ndéanfar beartas an Aontais i réimse an chomhair don fhorbairt a chur i gcríoch faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais de réir Airteagal 208 CFAE agus go ndéanfaidh beartas an Aontais maidir le comhar don fhorbairt agus beartas na mBallstát a chéile a chomhlánú agus a neartú;

---

[1] Formhuinithe leis an rún ón gComhairle an 16 Samhain 2007 maidir le Clár Oibre Eorpach don Chultúr (IO C 287, 29.11.2007, lch.1)

[2] Arb é an Plean Oibre don Chultúr an ceann is déanaí (2015-2018) (IO C 463, 23.12.2014, lch. 4).

[3] Arb iad na Conclúidí ón gComhairle den 26 Samhain na cinn is déanaí (2015-2018) (IO C 393, 19.12.2012, lch. 8).

4. AG MEABHRÚ DI gur ghlac na Náisiúin Aontaithe Clár Oibre 2030 maidir le Forbairt Inbhuanaithe[4] ina bhfuil tagairtí sainráite don chultúr i roinnt mhaith dá spriocanna agus ag meabhrú di freisin na Conclúidí ón gComhairle an 16 Nollaig 2014 maidir le Clár oibre claochlaitheach don tréimhse i ndiaidh 2015[5], lena n-aithnítear gur féidir leis an gcultúr, lena n-áirítear an oidhreacht dhomhanda chultúrtha agus tionscail na cruthaitheachta, ról tábhachtach a ghlacadh ó thaobh forbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe a bhaint amach;

5. AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gurb iad uilíocht, doroinnteacht, idirghaolmhaireacht agus idirspleáchas chearta uile an duine a thugann treoir don Aontas Eorpach, idir chearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha[6];

6. AG MEABHRÚ DI gur aontaigh an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát, agus gur gheall dá réir go gcuirfidís i bhfeidhm Coinbhinsiún UNESCO 2005 ar éagsúlacht léirithe cultúir a chosaint agus a chur chun cinn lena léirítear *inter alia* gur gá an cultúr a chur san áireamh mar ghné straitéiseach i mbeartais forbartha agus nach féidir an éagsúlacht chultúrtha a chosaint agus a chur chun cinn ach amháin má tá cearta an duine agus saoirsí bunúsacha cinntithe;

go bhfuil SÍ LÁNCHINNTE go gcaithfear an cultúr a áireamh i gcur chuige straitéiseach trasearnálach maidir le caidreamh seachtrach an Aontais agus maidir leis an gcomhar don fhorbairt ó tharla go bhfuil an-deis go deo ann na beartais sin a threisiú agus cuidiú le caidreamh fadtéarmach a fhorbairt a bheidh bunaithe ar mhalartú tuairimí idir dhaoine, ar thuiscint fhrithpháirteach, ar mhuinín agus ar inchreidteacht;

AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT ar inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát faoi seach, agus ar phrionsabal na coimhdeachta;

---

4 Ghlac Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le forbairt inbhuanaithe (Nua Eabhrac, 25-27 Meán Fómhair 2015) an Clár Oibre 2030 maidir le Forbairt Inbhuanaithe ("Ár nDomhan a Athriochtú"), lena n-áirítear sraith aonair de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe domhanda (SFIanna) a ghlacfaidh áit Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFM), https://sustainabledevelopment.un.org/post2015/transformingourworld

5 16716/14.

6 Treoirlíne an Aontais maidir le Saoirse Tuairimíochta ar líne agus as líne (9647/14).

LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an méid seo a leanas:

**Maidir leis an gcultúr i gcaidreamh seachtrach an Aontais**

7. Caithfear níos mó a dhéanamh ná díreach éagsúlacht chultúir na hEorpa a leagan amach má tá an cultúr féin le bheith lárnach sa chaidreamh seachtrach, caithfear meon nua a chothú ó thaobh idirphlé, éisteachta agus foghlaim fhrithpháirteach de, ó thaobh acmhainneacht a fhorbairt i gcomhpháirt agus ó thaobh dlúthpháirtíocht dhomhanda de[7], mar a moladh sa Réamhbheart maidir leis an gcultúr i gcaidreamh seachtrach an Aontais[8] agus sa tuarascáil ar an gcultúr agus ar an gcaidreamh seachtrach leis an tSín[9].

8. Caithfear an méid atá á dhéanamh a chomhordú, áfach, chun teacht ar chur chuige straitéiseach Eorpach atá dírithe ar an gcultúr a chomhtháthú ar bhonn comhsheasmhach, comhleanúnach i gcaidreamh seachtrach an Aontais agus ionas go mbeadh gníomhaíochtaí an Aontais ag teacht le gníomhaíochtaí na mBallstát. Sa chur chuige sin bheadh, inter alia, tosaíochtaí téamacha agus geografacha, cuspóirí agus torthaí réalaíocha, spriocghrúpaí, leasanna coiteanna agus tionscnaimh choiteanna, forálacha maoiniúcháin, rannpháirtíocht na saoránach agus rialacha mionsonraithe cur chun feidhme.

9. Le cur chuige straitéiseach ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt freisin, ar bhealach éifeachtúil, ar na dúshláin atá ann faoi láthair, géarchéim na himirce, an radacú agus an tseineafóibe, díothú na hoidhreachta cultúrtha agus an bhagairt ar an oidhreacht chultúrtha agus gáinneáil aindleathach ar réada cultúrtha.

---

7 I gcomhréir freisin leis an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Bealtaine 2011 maidir le gnéithe cultúrtha ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais.

8 Arna thionscnamh ag Parlaimint na hEorpa i 2012, cuireadh an Réamhbheart maidir le "Cultúr i gCaidreamh Seachtrach an Aontais" i gcrích i 2012-2013, agus é d'aidhm leis tacú leis an scrúdú agus leis an bhforbairt leanúnach beartais atá ar bun maidir le ról an chultúir sa chaidreamh seachtrach a neartú agus chun an obair sa réimse sin a chothú tuilleadh. Foilsíodh an tuarascáil chríochnaitheach in 2014, http://cultureinexternalrelations.eu/main-outcomes/

9 Straitéis don chaidreamh cultúrtha idir an tAontas agus an tSín: tuarascáil ón sainghrúpa cultúir agus ar caidreimh eachtraigh - an tSín (Samhain 2012).

**Maidir leis an gcultúr sa chomhar don fhorbairt**

10. Maidir leis an gcomhar don fhorbairt, tá sé ríthábhachtach an comhleanúnachas beartais a chur chun cinn, i bhfianaise a thábhachtaí atá ról na mBallstát agus an Aontais sa réimse sin agus i dtaca le Clár Oibre 2030 maidir le Forbairt Inbhuanaithe.

11. Is dlúthchuid den ghné dhaonnúil, shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil den fhorbairt é an cultúr agus dá bhrí sin is gné lárnach den fhorbairt inbhuanaithe é, ós rud é gur fíor an méid a leanas:

- cuidíonn earnáil dhinimiciúil cultúir agus earnáil dhinimiciúil cruthaitheachta, lena n-áirítear an oidhreacht chultúrtha, i dtíortha comhpháirtíochta leis an mbochtaineacht a laghdú, toisc go gcuidíonn siad go mór leis an bhfás, leis an bhfostaíocht, leis an gcomhtháthú sóisialta agus leis an bhforbairt áitiúil,

- maidir leis an gcultúr agus maidir leis an éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a urramú, tá ról nach beag acu i ndáil le coinbhleachtaí a chosc, i ndáil leis an tsíocháin a chothú agus i ndáil leis an athmhuintearas i gcriosanna coinbhleachta agus iarchoinbhleachta,

- cothaíonn an t-idirphlé idirchultúrtha tuiscint níos fearr agus éascaíonn sé comhpháirtíochtaí níos doimhne idir geallsealbhóirí,

- Tá earnáil neamhspleách an chultúir agus na meán mar choinníoll bunúsach don tsaoirse tuairimíochta agus cainte, don éagsúlacht chultúrtha, don tsaoránacht ghníomhach dhaonlathach agus don fhorbairt dhaonlathach inbhuanaithe,

- nuair a ghlactar straitéisí sonracha don chultúr agus don chomhar um fhorbairt, bíonn na gníomhaíochtaí níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe i roinnt mhaith earnálacha.

12. Mar sin féin, beidh gá le cur chuige comhtháite d'fhonn tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an gcultúr i gcás an chomhair don fhorbairt, ní mór cur chuige níos comhtháite a fhorbairt lena n-áirítear príomhshruthú na gné cultúrtha i gcláir forbartha agus caithfear tacú go hiomchuí le hoibreoirí cultúir ar bhonn fadtéarmach seachas díreach ar bhonn idirghabhálacha aonuaire.

13. D'fhéadfaí an cur chuige sin a bheith bunaithe, inter alia, ar an méid seo a leanas:

- aitheantas a thabhairt do luach an chultúir as féin agus mar veicteoir le haghaidh comhar don fhorbairt,

- sainmhíniú, ar bhonn comhthuiscint maidir le comhleanúnachas agus comhsheasmhacht, ar bhealaí praiticiúla gné an chultúir a phríomhshruthú agus na cláir forbartha á n-ullmhú,

- tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt struchtúraithe fhadtéarmach in earnáil an chultúir agus in earnáil na cruthaitheachta i dtíortha comhpháirtíochta, go háirithe i ndáil le forbairt acmhainní, rialachas an chultúir agus córais mhaoine intleachtúla,

- cur leis na hiarrachtaí chun oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha inláimhsithe agus doláimhsithe an domhain a chosaint agus a choimirciú,

- ról an oideachais a chur chun cinn maidir le hiolrachas, neamh-idirdhealú, caoinfhulaingt, dlúthpháirtíocht agus comhionannas idir fir agus mná a chothú,

- líon réalaíoch tosaíochtaí a leagann síos a d'fhéadfaí a athbhreithniú go tráthrialta le go mbeadh tuiscint shoiléir ar thorthaí na dtionscadal agus a mhéid a chuirfidís le forbairt inbhuanaithe agus le laghdú na bochtaineachta, chomh maith le comhtháthú sóisialta, fás agus le poist,

- comhlántacht idir cláir atá ann cheana agus scéimeanna maoiniúcháin agus ionstraimí de chuid an Aontais, na Ballstáit agus gníomhaithe eile agus, nuair is iomchuí, deis níos mó tacú le tionscnaimh chultúrtha iontu,

- cur chuige ó bhun a chothaíonn úinéireacht náisiúnta agus áitiúil, ina mbeidh na tíortha comhpháirtíochta rannpháirteach agus ina mbeidh na páirtithe leasmhara go léir gníomhach, go háirithe ENRanna, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach.

14. Bheadh freagairt phras thar a bheith tábhachtach i bhfianaise chur chun feidhme agus monatóireacht amach anseo ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ón gClár Oibre 2030[10] chun a áirithiú go ndéanfar plé leordhóthanach ar an gcultúr agus go mbeidh ról aige i ndáil leis sin.

IARRANN SÍ, DÁ BHRÍ SIN, AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

15. Bheith páirteach i dtasc-ghrúpa ad hoc a dhéanfar a óstáil i Lucsamburg. Cabhróidh an grúpa sin le cur chuige nithiúil, fianaise-bhunaithe, comhroinnte agus fadtéarmach a leagan amach maidir leis an gcultúr agus maidir leis an gcomhar don fhorbairt.

D'fhonn comhleanúnachas ghníomhaíochtaí na ngníomhaithe ábhartha ar an láthair a éascú, déanfaidh an grúpa dea-chleachtais maidir leis an gcultúr agus leis an gcomhar don fhorbairt a bhailiú agus a mhalartú lena chéile agus fianaise eimpíreach maidir le tionchar an chultúir ar an bhforbairt a scrúdú.

Tiocfaidh an Grúpa le chéile don chéad tréimhse 2016 - 2017, beidh sé neamhfhoirmiúil agus beifear rannpháirteach ann ar bhonn deonach. Beidh an tasc-ghrúpa oscailte do ghníomhaithe ó earnáil an chultúir agus ó earnáil na forbartha araon, go háirithe na Ballstáit (Uachtaránachtaí na Comhairle atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo go mór mór), an Coimisiún, Parlaimint na hEorpa, na heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta a oibríonn sna réimsí cultúir agus forbartha, tíortha comhpháirtíochta, comhpháirtithe seachtracha go háirithe Institiúidí Náisiúnta an Aontais Eorpaigh don Chultúr (EUNIC), mar aon leis an tsochaí shibhialta agus ENRanna.

Cuirfear torthaí obair an ghrúpa sin faoi bhráid na gcomhlachtaí ullmhúcháin lena mbaineann de chuid na Comhairle, go háirithe i réimse an chultúir agus an chomhair don fhorbairt.

[10] Go háirithe sprioc uimhir 4 (cuspóir 4.7 ), sprioc uimhir 8 (cuspóir 8.9), sprioc uimhir 11 (cuspóir 11.4) agus sprioc 12 (cuspóir 12.b).

AGUS IARANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

16. an cultúr a neartú mar ghné shonrach den ghníomhú sa chomhar don fhorbairt,

17. i gcomhar le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, cur chuige níos straitéisí maidir le cultúr sa chaidreamh seachtrach a fhorbairt agus a chur faoi bhráid na Comhairle, bunaithe ar na prionsabail a leagtar amach thuas agus ar cur chuige é ar cheart dó bheith ina thaca, *inter alia*, don tsaoirse ealaíne, don tsaoirse léirithe cultúir agus d'urraim don éagsúlacht chultúrtha agus don oidhreacht chultúrtha.